Eagrán : Meitheamh 2022

Gaelscoil Thaobh na Coille

08/06/2022

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Comhgháirdeachas le Lúthchleasaithe na Scoile



### Ard-Chaighdeán i Seantraibh Cumann na mBunscol Athletics, Santry

**Lúthchleasaíocht** Ghlac 26 dalta ó Rang a 3 go 6 páirt i gcomórtas lúthchleasaíochta Cumann na mBunscol i Seantraibh Déardaoin 26 Bealtaine. Bhuaigh Éabha Mercer (R6B) bonn airgead sa chomórtas caitheamh meáchain. Ghnóthaigh Tony Ó Gallchóir (R6B) bonn cré-umha sa disciplín céanna. D'éirigh le hAoife Nig Eiteagáin (R4B) bonn cré-umha a bhaint amach sa chomórtas léim fhada faoi 14, in ainneoin nach bhfuil sí ach 10 mbliana d'aois! Chríochnaigh Dylan Ó Dubhthaigh (R6B) sa cheathrú háit sa Rás 600m. Shroich foirne sealaíochta Buachaillí Faoi 14 agus Faoi 12 agus Cailíní Faoi 14 craobhacha ach theip orthu bonn a bhuachaint. Táimid thar a bheith bródúil as na daltaí ar fad a ghlac páirt sa chomórtas chomh maith leo siúd a bhí páirteach sna triallacha. Buíochas leis An Múinteoir Ó Dubhthaigh agus An Múinteoir Ní Dhubhthaigh as ucht an traenáil a dhéanamh leis an bhfoireann.

**Athletics** *26 children from Rang a 3 to 6 participated in the Cumann na mBunscol Santry Sports athletics meet on Thursday 26th of May. Éabha Mercer (R6B) won a silver medal in the shot putt while class mate, Tony Ó Gallchóir, won a bronze medal in the same discipline. Aoife Nig Eiteagáin (R4B) completed the medal haul for the school by claiming a bronze medal in the Under 14 Long Jump competition at the tender age of just 10 years. A special mention to Dylan Ó Dubhthaigh (R6B) who finished 4th in the 600m race and who agonizingly missed out on a medal by the narrowest of margins. Despite the Boys Under 14, Boys Under 12 and Girls Under 14 teams reaching the relay finals, the winning of medals was just beyond them on the day. We are extremely proud of all the pupils who participated on the day and also all the pupils who took part in the trials. Buíochas leis An Múinteoir Ó Dubhthaigh and An Múinteoir Ní Dhubhthaigh for training the athletics team.*













## Céad Chomaoineach R2A & R2B First Communion Celebrations

Bhí ceiliúradh mór don Chéad Chomaoineach ag daltaí R2A & R2B agus a dtuismitheoirí ar an Satharn 21 Bealtaine. Ócáid an-speisialta ab ea í seo mar go rabhamar in ann ceiliúradh i dteannta a chéile i halla na scoile i ndiaidh an tsearmanais. Cé go raibh 4 Chéad Chomaoineach eile againn níos luaithe sa bhliain (R4A, R4B, R3A & R3B) ba í seo an chéad uair ó Bhealtaine 2019 go rabhamar in ann bricfeasta an Chéad Chomaoinigh a bheith againn arís ar láthair na scoile! Míle buíochas le Tuismitheoirí R1, faoi stiúir Choiste na dTuismitheoirí a réitigh an halla agus a chuir soláistí fíor-álainn agus flaithiúil ar fáil do chách. Tá a fhios agam go bhfuil tuistí R2 thar a bheith buíoch díbh mar gur chuir an ócáid shóisialta seo go mór leis an lá.
Buíochas leis an Múinteoir Sinéad Nutley agus an Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh as na daltaí a ullmhú don lá agus buíochas speisialta leis na múinteoirí agus le cór na scoile a chuir ceol ar fáil sa séipéal. Buíochas freisin leis an tAthair Sean Ó Dúshláinne, An tAthair Paul Ó Liodáin, Gillian Uí Dhuibhir agus foireann uile an pharóiste as an obair dochreidte atá déanta acu i mbliana leis na sacraimintí ar fad a cuireadh ar athló de bharr Covid-19 i scoileanna uile an pharóiste a chur i gcrích in aon scoilbhliain amháin.

*The pupils in R2A & R2B celebrated their First Communion alongside their parents on Saturady 21st May. This was an extra special occasion as we were able to gather in the school hall to celebrate together after the ceremony. Although we have had four First Communion Ceremonies already this year (R4A, R4B, R3A & R3B) this was the first time since May 2019 that we were able to hold a Communion breakfast in the school afterwards. Míle buíochas le Tuismitheoirí R1 and Coiste na dTuismitheoirí who set up the hall and who provided an incredible array of cakes, savouries and sandwiches for all. I know it was greatly appreciated by the parents of R2 as it made the day even more special and sociable for all.*
*Buíochas leis an Múinteoir Sinéad Nutley agus an Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh for preparing their pupils for the sacrament and a buíochas speisialta to the múinteoirí and the school choir who provided the music in the church. Buíochas also to Father John Delaney, Father Paul Ludden, Gillian O'Dwyer and the parish team who have done an amazing job to ensure that all the sacramental services that were postponed over the last two years due to Covid-19 and this years sacramental ceremonies were all celebrated, in one school year.*



### Daltaí na scoile ar fhoireann scoile B.Á.C.

Roghnaíodh Jamie Dubhdáil (R6B) agus David Ó Fionngaltáin (R6B) ar fhoireann scoile B.Á.C. Cumann na mBunscol Dé Sathairn, 28.05.2022. D'imir siad cluiche i gcoinne foireann scoileanna Chill Dara ag leath ama de chraobh Sinsir Peile Laighean i bPáirc an Chrócaigh. Ba chúis gradam é don scoil.

### School represented in Croke Park

*Jamie Dubhdáil (R6B) and David Ó Fionngaltáin (R6B) represented Dublin Cumann na mBunscol school team on Saturday, 28th of May. They overcame a spirited Kildare schools' team during the half time interval of the Leinster Senior Football Championship Final at Croke Park. Their selection was a matter of great pride for the school.*

## Liosta Téacsleabhair & Bille Scoile 2022/2023

CEANNACH & IASACHT TÉACSLEABHAIR: Seoladh an bille scoile & liosta téacsleabhair do 2022/2023 amach chugaibh ar r-phost an tseachtain seo chaite. Tá córas ríomhíocaíochta Aladdin in úsáid againn leis an t-airgead a bhailiú. Seoladh r-phost ag gach duine le nascrochtana íocaíochtaí gur gá a chliceáil le bille scoile do pháiste a íoc. Míle buíochas leo siúd a bhfuil an bille íoctha acu cheana féin.

Ba mhór linn dá n-íocfaí an Bille Scoile más féidir,
faoin **Déardaoin an 23 Meitheamh**



*PURCHASE & RENTAL of school textbooks: The school bill and textbook list for 2022/2023 school year was issued last week. We will be using Aladdin's online payments system for the collection of the 'Bille Scoile'. You will have received an e-mail last week, containing a secure payment link that can be clicked to pay your child's school bill. Thanks to those of you who have already paid the school bill.*

*We would be grateful is the school bill could be paid if possible*
*by* ***Thursday 23rd June 2022***

## Scéalta Ranga Naíonáin Shóisearacha

### N1A An Múinteoir Clíona Seoighe

Bhí N1A ag fuáil don Ealaín an tseachtain seo. Rinne siad 'Seán Seilide' as olann agus pláta páipéir.

*N1A were practicing their sewing skills this week! They used wool and paper plates to make 'Seán Seilide'.*



### N1B An Múinteoir Aoifa Ní Earcáin

Seo hiad N1B ar a gcéad turas scoile go Feirm Ghleann Rua. Bhain siad an-taitneamh as na hainmhithe éagsúla ar fad a fheiceáil agus foghlaim fúthu go léir.



*N1B went on their first school tour to Glenroe Farm. They really enjoyed getting to see and learn about all the different farm animals.*

### N1C An Múinteoir Deirdre Uí Dhónaill

Tá Rang N1C ag foghlaim faoin bhfeithid speisialta - an féileacán. Bíonn siad ag eitilt timpeall na mbláthanna i rith an tSamhraidh ach ní mhaireann siad ach tamaill.



*Rang N1C are currently learning all about the special insect - the butterfly and how they fly from flower to flower over the Summer months.*





## N2A An Múinteoir Ciara Ní Bháille

Tá N2A agus N2B ag foghlaim faoin bpáirc spraoi faoi láthair sa rang. Cheapamar gurb é an slí is fearr le foghlaim faoin téama seo ná dul ann!

*N2A and N2B are currently doing lessons based on the theme of the playground. We thought what better way to learn about this topic than to go to one!*





## N2B An Múinteoir Sinéad Ní Chuireáin

Bhí N2B ag fiosrú 'An Fiaclóir' mar théama Aistear an mhí seo. Bhain muid an-taitneamh as a bheith mar fhiaclóirí, mar fháilteoirí agus mar othair. D'fhoghlaim muid conas aire mhaith a thabhairt dár bhfiacla agus cad iad na bianna atá sláintiúil/míshláintiúil dóibh. D'oibríomar i mbeirteanna chun póstaeir a chruthú faoi fhiacla.

*N2B were exploring the topic of 'The Dentist' for Aistear this month. We enjoyed getting into role as dentists, receptionists and patients. We learnt how to take good care of our teeth and what foods are healthy/unhealthy for them. We worked in pairs to create posters about tooth hygiene.*

## R1A An Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh



Bhí Rang 1A páiteach sa chlár 'Picker Pals'i mbliana. Mar chuid den chlár rinne gach páistí óstán feithidí le déanaí ar scoil. Bhailigh siad adhmaid, cipíní agus coirt ón timpeallacht agus chuir gach páiste ainm ar a dteach ósta féin. Bhain siad an-taitneamh as an ngníomh seo.

*Rang 1A were involved in the Picker Pals programme this year. Recently we went out and gathered wood, sticks and bark from around the school and they made insects hotels. They really enjoyed the activity and in particular naming their hotels!*



Óstán na bhFeithidí R1A

## Cumann na mBunscol
## Léigeanna Iománaíochta & Camógaíochta



### Camógaíocht

Bhí 23 cailín ó Rang a 4 - 6 ar phainéal camógaíochta na scoile i mbliana. Cé go raibh siad san iomaíocht sna cluichí níor éirigh leo aon chluiche a bhuachaint i gcoinne Scoil Chnoc Anville, Scoil Naomh Pádraig nó Scoil Naithí. Buíochas leis An Múinteoir Ní Bheacháin agus An Múinteoir Ní Bháille as ucht an fhoireann a thraenáil.

### Iomáint

Chríochnaigh foireann sinsear iomána na scoile ar bharr Roinn 2 i ndiaidh cluichí a bhuachaint i gcoinne St. Brigid's, St. Michael's agus Scoil Lorcáin sna réamhbhabhtaí. D'imir siad leath chraobh i gcoinne Scoil Naomh Pius agus cé go ndearna siad a seacht ndícheall i rith an chluiche, níor éirigh leo an lámh in uachtar a bhaint amach ar an lá. Bhí 30 buachaill ó R4 - R6 agus beirt chailín (Holly Ní Néill, R6A agus Clíodhna Ní Dhubhthaigh, R5A) ar an bpainéal. Ba é An Múinteoir Ó Dubhthaigh bainisteoir na foirne.

*The school's senior hurlers narrowly missed out on the Cumann na mBunscol Croke Park finals. Despite topping their Division 2 group by defeating St. Brigid's, St. Michael's and Scoil Lorcáin respectively, St. Pius Boys NS proved too good for them in the semi-final. The panel, coached by An Múinteoir Ó Dubhthaigh, was made up of 30 boys from 4th to 6th and two girls in Holly Ní Néill (R6A) and Clíodhna Ní Dhubhthaigh (R5A).*

*23 girls from 4th to 6th Class made up the school camogie panel this year. Despite being competitive in most matches, they failed to muster a win against Mount Anville GNS, Hollypark GNS or Scoil Naithí. Thank you to An Múinteoir Ní Bheacháin and An Múinteoir Ní Bháille for giving up their time to coach the team.*





## Aifreann Deireadh Bliana   End of Year Mass

Beidh Aifreann á cheiliúradh ag an tAthair Seán Ó Dúshláinne dúinn i Séipéal Naomh Mhuire, Ath an Ghainimh ar an gCéadaoin an 22 Meitheamh ag 11:00. Beidh ranganna sinsearacha na scoile ag frestal ar an aifreann agus beidh lán fháilte roimh aon tuismitheoir atá saor ag an am sin freastal ar an aifreann más mian leo é.

*Father John Delany will celebrate a special end of year mass for us in St. Mary's Church, Sandyford at 11:00 on Wednesday 22nd of June. The pupils in our senior classes will attend this mass. Any parent who is free at that time is more than welcome to attend.*

## Scéalta Ranga Class News ar lean



**R1B**. An Múinteoir Aoife Ní Bheacháin

Thug Rang a haon cuairt ar Zú Bhaile Átha Cliath don turas scoile. Bhí an aimsir go hálainn agus tháinig na hainmhithe amach chun bualadh linn! Bhí na daltaí go leir ar bís, chonaic siad an-chuid ain-mhithe nach bhfaca siad cheana ar an turas.

*First Class went on their school tour to Dublin Zoo. Thankfully we had some lovely weather so lots of animals came out to meet us! The children were excited for the trip and got the opportunity to see some animals they had never seen before.*



R2A An Múinteoir Sinéad Nutley

Bhí Rang 2A an-ghnóthach le cúpla seachtain anuas ag ullmhú don Chéad Chomaoineach. Rinne siad sár-obair ag foghlaim na bpaidreacha agus na hamhráin. Bhí an lá go hálainn agus bhí cuma iontach ar gach duine!

*Rang 2 had a very busy couple of weeks preparing for their First Communion. They worked so hard learning the prayers and songs. It was a lovely day and everyone looked fantastic!*





## R3A An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill

Thug an dea-aimsir a bhí againn an tseachtain seo caite inspioráid dúinn don ealaín. Rinneamar cóin uachtair reoite agus breathnaíonn siad ar fheabhas. Táimid ag súil go dtiocfaidh an Múinteoir ar scoil le huachtar reoite dúinn lá éigin! Bhaineamar an-taitneamh as Lusanna Gréine le Van Gogh a phéinteáil freisin. Nach deas iad!


*We were inspired by the good weather last week for our artwork. We drew ice cream cones and they look fantastic. We are hoping that the teacher comes to school with ice cream for us some day! We also really enjoyed working on the sunflowers by Van Gogh.*



## R3B An Múinteoir Niamh Ní Dhúill

Innealtóireacht agus Teicneolaíocht i R3B : Míle buíochas le Mícheál Mac Giolla Bhríde (Daidí Hugh) a tháinig isteach chugainn chun caint faoi thuirbíní gaoithe agus leictreachas glan. Bhí an-spéis againn a fháil amach go mbeidh feirm ghaoithe á chur ar fharraigí na hÉireann agus gach tuirbín 250 méadar ar airde!

*Míle buíochas to Michael Mac Giolla Bhríde (Daidí Hugh) who came into our class to tell us all about wind turbines and how they create clean electricity. We were fascinated to learn that Ireland is going to install many wind farms in our waters and each turbine will be 250 metres high!*



Bhí R3B gnóthach le coicís anuas ag tógáil 'Skribots'. Bhí na daltaí go hiontach ag obair i ngrúpaí ag leanúint treoracha agus d'éirigh linn 7 Skribot a thógáil ar fad. Ansin bhíomar réidh don Chódú. D'úsáideamar app ar na ipadanna chun clár a dhearadh. Thaispeáin na daltaí dom go raibh siad go hiontach ag obair le chéile, ag glacadh seal agus foighneach leis an teicneolaíocht nuair nach raibh sé ag obair. Buíochas do Conor Ó Lionáin (Daidí Zoe) a chuidigh linn agus muid i bponc.

*We have been very busy making 'Skribots'. The class worked so well in groups, they followed the instructions carefully and succeeded in making 7 Skribots. Then the fun began using our coding skills on the ipad app to make them move. The class showed terrific co-operation skills and patience when the technology wasn't working. A big thank you to Conor (Daidí Zoe) who helped us update the software.*



## R4A *An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh*

## Taipéis Bayeaux



Bhí Rang a 4A ag foghlaim faoi Na Normannaigh le déanaí. Mar cheacht ealaíne, tharraing na páistí taipéis bunaithe ar Thaipéis Bayeaux. Sraith pictiúr fuaite atá sa Taipéis Bayeux a dhéanann cur síos ar Chath Hastings (1066). Is iad na Normannaigh iad féin a rinne an taipéis go gairid i ndiaidh an chatha, agus is fianaise mhaith í, mar sin, ar an méid a tharla le linn an chatha féin. Tháinig na hAngla-Normannaigh go hÉireann i 1169 agus bhí taipéis R4A bunaithe ar sin. Tá an fíor-thaipéis Bayeaux 70 méadar ar fhad. Tá taipéis na bpáistí 7.5m ar fhad. Bhí chuile pháiste páirteach san ealaín seo.

*Rang a 4A have been learning about the Normans recently. They studied the Bayeaux Tapestry, which is a piece of linen 70m in length that depicts the Battle of Hastings in 1066. The Anglo-Normans invaded these shores roughly a century later and the children were asked to create a tapestry to reflect this. R4A's tapestry is just under 7.5m in length.*





## R6A Múinteoirí Máire Mhic Gabhann & Máirín Ní Dhubhthaigh

### **Ceardlann Raidió Rí-Rá**

Ghlac an dá Rang a 6 páirt i gceardlann le Jamie Ó Flannúra ó Raidió Rí-Rí. D'fhoghlaim siad na cleasanna chun topaicí shuimiúla a thaifeadadh le brí agus fuinneamh agus rinne siad amhlaidh ar na h I-padanna scoile i ngrúpaí beaga. D'éisteamar leis na taifeadtaí ansin agus bhaineadar an-sult as sin. Is féidir éisteacht le Raidió Rí-Rá ar líne ag www.RRR.ie



*The two Rang a 6s participated in a radio workshop with Jamie Ó Flannúra from Raidió Rí-Rí. They learnt the tricks to make interesting recordings with energy and vigour. They recorded their prepared pieces on the school I-pads. We enjoyed listening to the finished recordings. You can tune in to Raidió Rí-Rá online at* www.RRR.ie








**R4B** *An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh*

Bhí Rang 4B ag díriú ar an Mháthair Mhuire go speisialta inár bpaidreacha le déanaí toisc gur Mí Bealtaine Mí na Maighdeana Muire. Bhí an seomra ranga ar nós seit scannánaíochta agus an rang ar fad ag glacadh páirt i ndrámú na bpríomhradharcanna ón úrscéal iontach 'Holes'. D'fhéachamar ar an scannán a bhí thar barr, ach cheapamar go raibh ár bhfoireann aisteoirí - go háirithe Nathaniel ó Catháin, (Stanley) Bodhi Ó Blí (Zero), Matthew Ó Cathasaigh (Elya Yelnats), Caoimhe de Paor (Miss Katherine) agus Lucas Ó Dubhgaill (Sam Onions) díreach chomh maith leis na haisteoirí proifisiúnta! Bhaineamar ar fad an-sult as an yoga le Ciarán – anois táimid solúbhtha, suaimhneach, sona agus réidh don samhradh!

*Recently Rang 4B have been directing our class prayers in a special way to our mother Mary, as May is the month of Mary. The classroom has been like a film set, with all the pupils taking part in our dramatization of the brilliant novel 'Holes'. We watched the movie which was excellent but we felt that our cast of actors were just as good as the professionals - in particular Nathaniel ó Catháin, (Stanley) Bodhi Ó Blí (Zero), Matthew Ó Cathasaigh (Elya Yelnats), Caoimhe de Paor (Miss Katherine) agus Lucas Ó Dubhgaill (Sam Onions). We have had great fun doing yoga with Ciarán – now we are flexible, relaxed, happy and ready for Summer!*

R6A An Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin

Chuaigh Rang a 6A agus Rang a 6B ar thuras go Gairdíní Cnoc na Raithní. D'imríomar Cluiche Corr agus bhaineamar an-taitneamh as na sleamhnáin agus bhíomar ag dreapadh ar na barraí moncaí!

*Rang a 6A and Rang a 6B went to Fernhill where we played a game of rounders. We also enjoyed going down the slide and climbing on the monkey bars!*





# SCÉALTA RANGA ar lean

## R5A An Múinteoir Tomás Mac Uileagóid

Tá Rang a 5A gnóthach i láthair na huaire. Tá siad díreach tar éis roinnt ealaíne a chríochnú bunaithe ar 'Pop art'. Anois tá siad i mbun tionscnamh faoi thithe na hÉireann i rith na staire. Caithfidh siad mionsamhail a dhéanamh de na tithe difriúla. Tá siad ag baint ard-taitneamh as, cé go bhfuil an seomra ranga ina phraiseach!

*Rang a 5A are very busy at the moment. They have just finished a module on 'Pop art' . Now they are fully engaged in a project on houses in Ireland through the ages. They have to make a model of different houses. They are really enjoying the work, although the classroom is in a mess!*



Caisleán Chill Gobain



Teach Cheilteach




Crannóg



Teach Normánach

## Coiste an Bhrat Ghníomhach Active Flag Committee

Rinne Coiste an Bhrat Ghníomhach suirbhé ar gach pháiste ó Rang a 3-6 maidir leis na clubanna spóirt ina bhfuil siad mar bhall. Rinne páistí R6B barrachairt de na clubanna go bhfuil ceathrar nó níos mó ón scoil páirteach iontu. Tá na torthaí sin léirithe sa ghriangraf thíos. Tá 79 páiste – idir cailíní agus buachaillí ó R3 go R6 – mar bhall de Chlub Cumann Lúthchleas Gael Naomh Ólaf. Bhí Wayside Celtic (sacar) sa dara háit le 24 baill agus De La Salle (rugbaí) sa tríú háit le 23.



*The Active Flag Committee surveyed every child from $3^{rd}$ to $6^{th}$ class with respect to what sporting clubs they are currently affiliated to. Children from R.6B drew a bar chart to represent clubs with membership of 4 or more from this cohort. 79 children – comprised of girls and boys from $3^{rd}$ to $6^{th}$ – are members of Naomh Ólaf GAA Club. The second most popular club is Wayside Celtic (soccer) with 24 members and De La Salle rugby club is third in the popularity stakes with 23 members.*

## Dátaí don Dialann Dates for the Diary

Bhuel táimid ag druidim le deireadh na bliana agus tá roinnt imeachtaí tábhachtacha agus taitneamhach le teacht. Bí cinnte go bhféachann tú ar an liosta thíos le gur féidir leat am a chur i leathtaobh le freastal ar roinnt imeachtaí scoile ar nós an Seó Tallainne, na Laethannta Spóirt, an t-Aifreann deireadh bliana srl.

*Well we're nearing the end of the school year but there are some important events and activities still to come. Make sure you look through the list below so that you can set aside some time to attend some of the school events that will be happening over the next few weeks like the Talent show, The Sports Days, the End of Year Mass etc.*

| | |
|---|---|
| 09/06/22 | Déardaoin 09 Meitheamh – R4A/R4B Turas Ranga go Carnabhal na nÓg |
| 09/06/22 | Déardaoin 09 Meitheamh – R5A/R5B Turas Ranga go Baile Bhrigín |
| 09/06/22 | Déardaoin 09 Meitheamh – R1 & R2 Feis Rince Scoile |
| 10/06/22 | Aoine 10 Meitheamh |
| | |
| 13/06/22 | Luan 13 Meitheamh – **Cuairt Naíonáin Shóisearacha 2022/2023** 1pm – 2pm |
| 14/06/22 | Máirt 14 Meitheamh – Feis Rince Scoile R3 go R6 |
| 15/06/22 | Céadaoin 15 Meitheamh – Seisiún Ceoil Idir Scoile (Taobh na Coille & Scoil Lorcáin) |
| 16/06/22 | Déardaoin 16 Meitheamh |
| 17/06/22 | Aoine 17 Meitheamh – **Seó Tallainne 2022** @ 12:30 |
| | |
| 20/06/22 | Luan 20 Meitheamh - Seachtain Spóirt is Spraoi |
| 21/06/22 | Máirt 21 Meitheamh - Seachtain Spóirt is Spraoi |
| 22/06/22 | Céadaoin 22 Meitheamh - **Aifreann Deireadh Bliana** 11:00 Séipéal Mhuire |
| 23/06/22 | Déardaoin 23 Meitheamh - **Lá Spóirt na Naíonáin** Páirc Uileaimseartha @12:30pm |
| 24/06/22 | Aoine 24 Meitheamh - **Lá Spóirt R1 - R6** Páirc Bheallairmín @1:00pm |
| | |
| 27/06/22 | Luan 27 Meitheamh – R3A/R3B Turas Ranga go hIonad Ealaíne Gleann Cuilinn |
| 28/06/22 | Máirt 21 Meitheamh – R2A & R2B Turas Ranga go Clara Lara |
| 28/06/22 | Máirt 28 Meitheamh - **R6 Ceiliúradh Cinn Cúrsa** 7pm sa scoil |
| 29/06/22 | Céadaoin 29 Meitheamh – R6 Turas Ranga go hIonad Eachtraíochta Chairlinn |
| 30/06/22 | Déardaoin 30 Meitheamh – **Scoil ag dúnadh ag 12:00** do Shaoire an tSamhraidh |
| | |
| 01/09/22 | **Déardaoin 01 Meán Fómhair Scoil ag athoscailt do Scoilbhliain 2022/2023** |